

10 Cuntasaíocht le haghaidh idirbhearta maoinithe an AE

- 10.1** Ghlac Éire ballraíocht san Aontas Eorpach in 1973 agus bhí sí ina glantairbhí de chuid bhuiséad an Aontais gach bliain maidir leis an 40 bliain ina dhiaidh sin. Ón 2013 i leith, tá ranníocaíochtaí na hÉireann le buiséad an Aontais Eorpaigh níos mó ná a fáltais gach bliain, mar thoradh ar a fás láidir eacnamaíoch i gcomparáid le Ballstáit eile. Mar sin féin, faigheann Éire maoiniú suntasach ón Aontas Eorpach gach bliain. In 2024, fuair Éire thar ar €1.88 billiún ón Aontas Eorpach ¹.
- 10.2** Faigheann Éire a lán cineálacha maoinithe ón Aontas Eorpach. I gcásanna áirithe, faightear maoiniú isteach i bPríomh-Chiste an Stáitchiste. I gcásanna eile, déanann an tAontas Eorpach íocaíochtaí le ranna agus le comhlachtaí poiblí, nó go díreach le tairbhíthe.
- 10.3** Rinneadh an t-imscrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas
- leorgacht an tuairiscithe ar mhaoiniú ón Aontas i gcuntais leithghabhála bhliantúla
 - an fhéidearthacht go ndéanfaí feabhsuithe ar na ceanglais tuairiscithe reatha maidir le maoiniú ón Aontas
 - saincheisteanna maidir le cur i láthair an mhaoinithe ón Aontas a tháinig chun cinn le linn iniúchtaí ar chuntais leithghabhála
 - tráthúlacht thuairisciú na Roinne Airgeadais ar idirbhearta AE.
- 10.4** Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar réimse doiciméad, lena n-áirítear cuntais leithghabhála don bhliain reatha agus don bhliain roimhe sin, agus d'oibrigh sí leis na baill foirne ábhartha sna comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu. Forbraíodh critéir thagarmharcála chun measúnú a dhéanamh ar leorgacht an tuairiscithe reatha maidir le maoiniú ón Aontas i gcuntais leithghabhála. Baineadh leas as samplaí de chás-staidéir bunaithe ar cheisteanna a tháinig chun cinn le linn iniúchtaí airgeadais le déanaí.

Tuairisciú reatha ar mhaoiniú ón Aontas

- 10.5** Faigheann ranna agus oifigí rialtais leithdháilte bliantúla (vótáilte) ón Stáitchiste lena bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Ceanglaítear orthu ina dhiaidh sin idirbhearta airgeadais a thuairisciú i gcuntais leithghabhála bliantúla, arna n-ullmhú i gcomhréir le beartaí agus nósanna imeachta caighdeánacha cuntasaíochta arna leagan síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí).

¹ [Tuarascáil Bhliantúil ar idirbhearta na hÉireann leis an Aontas in 2024](#), an Roinn Airgeadais, Lúnasa 2026 (féach leathanach 22).

- 10.6** Tá an maoiniú ón Aontas ina chuid den Príomh-Chiste a fhaightear go díreach isteach sa Stáitchiste, agus tugtar cuntas air sna Cuntais Airgeadais bhliantúla. Is gnách go soláthraítear maoiniú ón Aontas do ranna rialtais le haghaidh tionscadail agus cláir ar leith, ar bhonn cómhaoinithe go minic. D'fhéadfaí é a leithdháileadh go bliantúil, ach i gcás fhormhór na gclár, leithdháiltear é thar roinnt blianta trí phróiseas an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI). I mionlach cásanna, soláthraítear an maoiniú roimh ré.
- 10.7** Ceanglaítear an Roinn Caiteachais Phoiblí go ndéanfar cistí ón Aontas Eorpach a fuarthas sa bhliain chuntasaíochta a nochtadh sna cuntais leithlaghabhála. Áirítear leis sin, de ghnáth, foinse an mhaoinithe a chur in iúl.
- 10.8** Mar a tuairiscíodh roimhe seo, tá teorainneacha ag baint le cur i láthair na faisnéise maidir le maoiniú ón Aontas i gcuntais leithlaghabhála.² Go sonrach, ní gá an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh sna cuntais.
- **An méid iomlán a leithdháileadh ar an Stát ón gciste ábhartha AE.** Ní sé ceangailte a léiriú sna cuntais leithlaghabhála an buiséad iomlán atá ar fáil d'Éirinn ó fhoinsí an Aontais, nó an cion de sin a tarraingíodh anuas go rathúil go dtí seo, nó de réir phlean nó phróifíl maoinithe.
 - **Luach na n-éileamh a cuireadh faoi bhráid an Aontais sa tréimhse chuntasaíochta, agus luach na n-éileamh gan íoc ag deireadh na bliana.**
 - **Ceartúcháin airgeadais sa tréimhse.** Ní gá aon fhaisnéis a sholáthar maidir le haon chistí arna n-aisghabháil ag an Aontas, aon tarraingt siar ar éilimh neamh-incháilithe nó aon dídhílsiú.
 - **Fíneálacha sa tréimhse.** Ní cheanglaítear faisnéis a thabhairt sna cuntais faoi fhíneálacha an Aontais arna dtabhú ag ranna as sáruithe ar rialacha an Aontais.
- 10.9** In éagmais faisnéis chuimsitheach ábhartha, bíonn sé deacair d'úsáideoirí na gcuntas leithlaghabhála feidhmíocht ranna nó oifige a mheas maidir le haon mhaoiniú ón Aontas Eorpach a fhaigheann siad a bhainistiú, nó maidir le cistí atá ar fáil dóibh a tharraingt anuas.

² Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022*, caibidil 2, [Idirbhearta AE na hÉireann a thuairisciú](#).

Riachtanais chuntasaíochta maidir le maoiniú ón Aontas

- 10.10** Tugadh ceanglas isteach in 1992 go gcuimseofaí i gcuntais leithghabhála faisnéis maidir le húsáid fáiltas ó chistí áirithe den Aontas.³ Leathnaíodh an ceanglas sin le haghaidh cuntais leithghabhála 1995 chun faisnéis a áireamh faoi aon mhaoiniú ón Aontas arna thabhairt i gcuntas.⁴ Ó shin i leith, ní dhearnadh aon athruithe suntasacha ar na ceanglais tuairiscithe le haghaidh mhaoiniú an Aontais sna cuntais leithghabhála.
- 10.11** Gach bliain, eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí treoracha mionsonraithe maidir leis na ceanglais a bhaineann le cur i láthair agus le nochtadh i gcás cuntais leithghabhála, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le maoiniú ón Aontas.
- 10.12** Eisíodh na treoracha maidir le cuntais leithghabhála 2025 chuig gach oifigeach cuntasaíochta i mí na Nollag 2025.⁵ Cuimsítear sa doiciméad sampla léiritheach de chuntas leithghabhála a ullmhaíodh i gcomhréir leis na ceanglais. Áirítear leis an sampla den chuntas dhá nóta a bhaineann le maoiniú ón Aontas, ach tá siad sin cineálach agus fágann siad go gcaithfidh gach oifigeach cuntasaíochta na sonraí a oibriú amach.
- 10.13** Tá easpa comhsheasmhachta ann fós maidir leis an dóigh ar cuireadh an nóta maidir le maoiniú ón Aontais i láthair sna cuntais leithghabhála. I gcásanna áirithe, ní shonraítear sna cuntais leithghabhála an fhaisnéis riachtanach (amhail na fotheidil shonracha trína ndéantar caiteachas a bhfuil cómhaoiniú ón Aontas i gceist leis).

Dea-chleachtas maidir le hidirbhearta an AE a thuairisciú

- 10.14** Bunaithe ar thuairisciú roimhe seo ar idirbhearta airgeadais idir Éire agus an tAontas Eorpach, sainithníodh na gnéithe dea-chleachtais seo a leanas maidir le tuairisciú éifeachtach ar mhaoiniú ón Aontas.
- **Nóta maidir le nochtadh:** Ba cheart nóta sonrach maidir le nochtadh a bheith sna cuntais bhliantúla maidir le maoiniú ón Aontas.
 - **Cistí atá ar fáil:** Ba cheart go léireofaí leis an leibhéal mionsonraí sa nóta maidir le nochtadh maidir le maoiniú ón Aontas scála an mhaoinithe atá ar fáil lena tharraingt anuas, agus gach príomhfhoinsé um maoiniú a chur in iúl aisti féin. Ba cheart go luafaí sa chuntas an méid iomlán atá ar fáil d'Éirinn ó gach foinsé um maoiniú thar shaolré an CAI ábhartha nó creat maoinithe eile.⁶ Ba cheart an ráta cómhaoinithe a mhíniú, i gcásanna ábhartha.
 - **Ráta tarraingthe anuas:** Ba cheart go léireofaí sna nochtaí an cion den tsuim iomlán atá ar fáil d'Éirinn a tarraingíodh anuas faoi dháta tuairiscithe an chuntais (an 31 Nollaig de ghnáth) agus den tsuim iomlán atá fágtha lena tarraingt anuas.
 - **Éilimh ar feitheamh cinnidh:** Ba cheart go léireofaí sna nochtaí sonraí luach (agus líon) aon éileamh a cuireadh faoi bhráid an Aontais agus ar feitheamh cinnidh ar an dáta tuairiscithe.
 - **Ceartúcháin airgeadais:** Ba cheart aon cheartúcháin/dícheadú airgeadais nó aon fhíneálacha AE a thabhaítear a nochtadh sna cuntais.

3 [Ciorclán 18/92 Faisnéis sna Cuntais Leithghabhála agus sna Meastacháin](#), an Roinn Airgeadais.

4 [Ciorclán 1/96 Ceanglais an Chuntais Leithghabhála le haghaidh 1995 agus saincheisteanna gaolmhara](#), an Roinn Airgeadais.

5 [Ciorclán 25/2025 Ceanglais maidir le Cuntais Leithghabhála 2025](#), an Roinn Caiteachais Phoiblí.

6 Clúdaítear i ngach Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) caiteachas thar thréimhse seacht mbliana bhuiséadacha de ghnáth, agus féadfar glacadh le héilimh dhéanacha ar feadh roinnt blianta breise ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le forluí ar shreafaí maoinithe i dtréimhsí cuntasaíochta ar leith.

- 10.15** Nocht 18 roinn nó oifig rialtais ar an iomlán leibhéal éigin maoinithe ón Aontas ina gcuntais leithghabhála 2025. Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar an bhfaisnéis i ngach cuntas i gcomparáid leis na chéad cheithre chritéar dea-chleachtais atá leagtha amach thuas (féach Fíor 10.1).
- 10.16** I gcuntas leithghabhála 2025 de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, cuireadh méid suntasach d'fhaisnéis úsáideach i láthair maidir le maoiniú ón Aontas. Áirítear an méid seo a leanas ar ghnéithe suntasacha de thuairisciú na Roinne.
- Imhdhealaítear faisnéis faoi mhaoiniú an Aontais de réir an cláir maoinithe.
 - Maidir le gach clár, nochtar leithdháileadh foriomlán an CAI, chomh maith leis an méid a tarraingíodh anuas le linn na bliana agus an méid carnach a bhí tarraingthe anuas faoi dheireadh na bliana.
 - Soláthraítear sonraí maidir le réamh-mhaoiniú agus íocaíochtaí idirmheánacha.
 - Soláthraítear faisnéis maidir le maoiniú díreach ón Aontas do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Fíor 10.1 Leorgacht an tuairiscithe ar mhaoiniú ón Aontas i gcuntais leithghabhála 2025

Vóta	Seirbhís	Nóta maidir le nochtadh	Cisti atá ar fáil	Ráta tarraingthe anuas	Éilimh ar feitheamh cinnidh
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	●	●	●	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	●	●	●	—
11	Caiteachas Poiblí, Bonneagar, Athchóiriú Seirbhíse Poiblí agus Digitiú	●	●	●	—
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	●	●	●	—
14	An tSaorthlann Stáit	●	●	●	—
20	An Garda Síochána	●	●	●	—
24	Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	●	●	●	—
26	Oideachas agus Óige	●	●	●	—
29	An Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol	●	●	●	—
30	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	●	●	●	—
31	An Roinn Iompair	●	●	●	—
32	Fiontar, Turasóireacht agus Fostaíocht	●	●	●	—
34	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	●	●	●	—
37	Coimirce Shóisialach	●	●	●	—
38	Sláinte	●	●	●	—
40	Leanaí, Míchumas agus Comhionannas	●	●	●	—
42	Forbairt Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht	●	●	●	—
45	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	●	●	●	—

● Tá ● Go Páirteach ● Níl — Gan tagairt^a

Foinse: [Cuntais leithghabhála](#). Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Sna cásanna sin, níor nochtadh aon éilimh a cuireadh faoi bhráid an Aontais agus a bhí ar feitheamh cinnidh ar dháta an tuairiscithe, ach ní raibh sé soiléir ach oiread go raibh éilimh dá leithéid ann ar chor ar bith.


Ceartúcháin airgeadais agus féineálacha

- 10.17** Is laghduithe ar mhaoiniú an Aontais iad ceartúcháin airgeadais a chuirtear i bhfeidhm ar thionscadail i gcásanna ina dtagann sé chun solais gur íocadh airgead trí earráid de bharr mírialtachtaí, amhail neamh-incháilitheacht le haghaidh maoinithe nó calaois líomhnaithe.⁷ D'fhéadfaí ceartúcháin a dhéanamh i ndiaidh iniúchadh AE nó i ndiaidh athbhreithniú éigin eile ar na coinníollacha incháilitheachta.
- 10.18** I gcásanna áirithe, féadfar cur i bhfeidhm ceartúchán airgeadais a chur siar ar feadh roinnt blianta mar gheall ar an méid ama a ghlacann sé iniúchtaí a dhéanamh, obair bhreise fíorúcháin a dhéanamh nó teacht ar chomhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit. I mí na Samhna 2025, rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa moltaí a raibh sé mar aidhm leo feabhas a chur ar chomhsheasmhacht, ar chruinneas agus ar thráthúlacht na gceartúchán airgeadais.⁸
- 10.19** Is féidir méideanna ceartúcháin atá dlite a chúiteamh i gcoinne maoiniú reatha ón Aontas nó iad a aisíoc go díreach leis an Aontas ón Státchiste.
- 10.20** I gcás ar leith, féadfaidh an Coimisiún Eorpach caingean dlí, ar a dtugtar nós imeachta um shárú, a thionscnamh i gcoinne aon Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh nach gcuireann dlí an Aontais chun feidhme. Féadfaidh an Coimisiún an cheist a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar féidir léi smachtbhannaí airgeadais a fhorchur. Tá 54 cás sáraithe gníomhach maidir le hÉirinn ann faoi láthair (Meán Fómhair 2026) (féach Fíor 10.2 Cásanna gníomhacha um shárú in aghaidh na hÉireann, de réir cineáil, Meán Fómhair 2026) agus tá siad ag céimeanna éagsúla dul chun cinn.
- 10.21** Tionscnaítear cásanna maidir le sárú i gcoinne gach ballstáit ó am go chéile. Dúirt an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a dhéanann monatóireacht ar chásanna den sórt sin in aghaidh na hÉireann, go bhfuil laghdú seasta tagtha le blianta beaga anuas ar líon na nósanna imeachta um shárú in aghaidh na hÉireann, mar thoradh ar iarracht chomhsheasmhach leanúnach cloí leis na rialacha. Dúirt an Roinn freisin go bhfuil líon iomlán an 54 cás atá ar siúl faoi láthair in aghaidh na hÉireann, faoi bhun mheán an Aontais Eorpaigh de 70 cás in aghaidh gach ballstáit, agus gur lú é ná leath den líon is airde sáruithe (117 cás) in aghaidh ballstát aonair.

⁷ Is féidir le ceartúcháin a bheith i gceist le méid sonrach i gcás inar aimsíodh earráid chainníochtaithe. I gcásanna áirithe, bíonn na ceartúcháin bunaithe ar eachtarshuíomh, m.sh., i gcás ina n-aimsítear earráid i sampla ionadaíoch agus gur féidir glacadh leis gur tharla sí in oibríochtaí eile nár iniúchadh chomh maith. Is féidir ceartúcháin ráta chothroim a chur i bhfeidhm i gcás earráidí nach féidir a chainníochtú.

⁸ [Tuarascáil speisialta 22/2025: Ceartúcháin airgeadais sa bheartas Comhtháthaithe](#). Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Samhain 2025.

Fíor 10.2 Cásanna gníomhacha um shárú in aghaidh na hÉireann, de réir cineáil, Meán Fómhair 2026



Foinse: An Coimisiún Eorpach

- 10.22** Cé gur dócha go réiteofar formhór na gcásanna um shárú gan pionóis airgeadais a thabhtú, d'fhéadfadh sé go ngearrfadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh fineálacha ar Éirinn i gcásanna áirithe. Tá dhá chás ghníomhacha os comhair na Cúirte faoi láthair ina bhfuil fineálacha suntasacha molta ag an gCoimisiún Eorpach. Baineann siad sin le neamhchomhlíonadh líomhnaithe na n-oibleagáidí faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (1991), agus neamh-trasúiomh líomhnaithe codanna den Treoir NIS2 maidir le Cibearshlándáil (2022).
- 10.23** Idir 2020 agus 2025, tuairiscíodh fineálacha de chuid an Aontais a tabhaíodh i naoi gcuntas leithghabhála. (féach Fíor 10.3).
- 10.24** Roimh bhliain airgeadais 2024, ní raibh aon cheanglas sonracha ann faoi threoracha tuairiscithe na Roinne Caiteachais Phoiblí, go nochtfaí faisnéis maidir le ceartúcháin airgeadais nó fineálacha AE sna cuntais leithghabhála. Le caighdeán cuntasaíochta nua, a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 mar chuid de shraith caighdeán chuntasaíochta nua d'earnáil an rialtais láir, bunaíodh ceanglais nua maidir le forálacha agus dlíteanais theagmhasacha.⁹ Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí, gur cheart, faoin gcaighdeán, d'oifigigh chuntasaíochta, nuair is iomchuí, forálacha a bhaineann le fineálacha a bhaineann leis an Aontas a aithint sa ráiteas ar an staid airgeadais, nó fineálacha féideartha — mar aon lena luach measta — a nochtadh mar dhlíteanas teagmhasach sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithghabhála.

⁹ [CGAS 19 Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha](#).

Fíor 10.3 Fíneálacha AE atá nochta i gcuntais leithghabhála

Vóta^a	Bliain an chuntais	Cúis leis an bhfíneál	Iomlán na fíneála a íocadh
24 Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce	2020	Trasuíomh déanach Threoir an AE	€2 milliún
29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol	2024	Trasuíomh déanach Threoir an AE	€4.5 milliún
33 Cultúr, Cumarsáid agus Spórt	2024, 2025	Trasuíomh déanach Threoir an AE	€5.1 milliún ^b
34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	2020, 2021, 2022, 2023	Mainneachtain measúnú tionchair iarghabhálach ar an gcomhshaol a dhéanamh	€17.2 milliún ^c
40 Leanaí, Míchumas agus Comhionannas	2025	Trasuíomh déanach Threoir an AE	€1.5 milliún

Foinse: Cuntais leithghabhála 2020 go 2025

- Nótaí:
- a Taispeántar an teideal reatha do gach Vóta. D'fhéadfadh sé gur athraíodh teideal na Vóta ón mbliain chuntais ábhartha i leith.
 - b Áiríodh leis na híocaíochtaí leis an gCoimisiún Eorpach €4.33 milliún in 2024 agus €0.81 milliún in 2025. Ba í an fhíneál a ghearr Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí Feabhra 2024 suim chnapshuime €2.5 milliún as an sárú, chomh maith le fíneál laethúil €10,000 fad a lean an sárú, agus costais dlí chomh maith.
 - c Áiríodh leis na híocaíochtaí leis an gCoimisiún Eorpach €7.75 milliún in 2020, €5.48 milliún in 2021, €2.76 milliún in 2022 agus €1.25 milliún in 2023. Ba í an fhíneál a ghearr Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2019 suim chnapshuime €5 mhilliún as an sárú, chomh maith le fíneál laethúil €15,000 fad a lean an sárú, agus costais dlí chomh maith.

Ceisteanna a tháinig chun cinn le linn iniúchadh airgeadais

- 10.25** Is féidir le huainiú na réamhíocaíochtaí, na rialacha maoinithe, an dóigh a dtugtar chuntas ar mhaoiniú an Aontais, agus tionchar na gceartúchán airgeadais agus fíneálacha dúshlán shuntasacha bhainistíochta a chruthú. Mar gheall ar an gcastacht lena mbaineann, d'fhéadfaí bac a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcuntasacht maidir leis na torthaí airgeadais freisin.

Cás 1: aisíocaíocht le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh

- 10.26** Bunaíodh Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh in 2002 chun tacaíocht airgeadais a thairiscint do Bhallstáit i ndiaidh mórthubaistí nádúrtha. Leathnaíodh raon feidhme an chiste i mí an Mhárta 2020, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, chun tacaíocht do mhór-éigeandálaí sláinte poiblí a chuimsiú.

- 10.27** Bhí maoiniú dlúthpháirtíochta ar fáil chun cuidiú leis na Ballstáit le caiteachas ar bhearta freagartha díreacha le linn iarmhairt dhíreach fhógairt na héigeandála a bhain le Covid-19 (i.e., na chéad cheithre mhí). Le bheith incháilithe i gcomhair maoinithe, b'éigean don Bhallstát caiteachas ábhartha a thabhu sa tréimhse tacaíochta dar luach os cionn €1.79 billiún ar an iomlán, nó coibhéis níos mó ná 0.3% d'ollioncam náisiúnta an stáit iarrthaigh.¹⁰

- 10.28** Le bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, b'éigean do bhearta freagartha a bheith dírithe ar thacaíocht a thabhairt don daonra agus ar scaipeadh Covid-19 a theorannú. Áiríodh leis na costais incháilithe

- cúnamh leighis, lena n-áirítear cógais, trealamh agus feistí leighis, costais i ndáil leis an mbonneagar cúraim sláinte nó cosanta sibhialta, agus anailísí saotharlainne
- trealamh cosanta pearsanta
- cúnamh speisialta don daonra agus do ghrúpaí leochaileacha
- tacaíocht lena chinntiú go bhféadfadh pearsanra seirbhísí leighis agus seirbhísí éigeandála eile leanúint ar aghaidh i mbun oibre
- forbairt vacsaíní nó cógas
- ullmhacht a neartú
- sláintíocht foirgneamh
- scrúduithe sláinte
- measúnuithe agus bainistíocht riosca.

- 10.29** Ní raibh maoiniú dlúthpháirtíochta ar fáil i gcomhair chostais na mbeart chun tacú le gnó nó leis an margadh saothair, ná i gcomhair tabhartas do thíortha eile.

¹⁰ Bhí an tairseach íosta caiteachais de €1.79 billiún bunaithe ar fhigiúr de €1.5 billiún in 2011, arna choigeartú do phraghsanna 2020.

Ráta maoinithe

- 10.30** Socraíodh an ráta maoinithe tosaigh ag 2.5% den chéad €762.9 milliún (tairseach tírshonrach) de chaiteachas incháilithe, móide 6% den chuid eile den chaiteachas incháilithe. Cuireadh iarratais ar thacaíocht ó na Ballstáit i láthair ar an mbonn sin. I mí an Mhárta 2021, áfach, d'fhaomh an Coimisiún Eorpach maoiniú iomlán de thart ar €530 milliún chun tacú le bearta éigeandála a ghlac Ballstáit chun paindéim Covid-19 a bhainistiú. Bhí thart ar 47% den tsuim iomlán a d'éiligh na Ballstáit i gceist leis sin. Dá réir sin, socraíodh an maoiniú ceadaithe do gach tír ag 47% den mhéid a éilíodh.

Iarratas na hÉireann ar thacaíocht

- 10.31** I mí an Mheithimh 2020, rinne an Roinn Sláinte éileamh ar Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh bunaithe ar mheastachán ar an gcaiteachas iomlán incháilithe de bheagnach €2 bhilliún. Agus an fhoirmle um maoiniú a fógraíodh á cur i bhfeidhm, measadh ar dtús gurbh é thart ar €93.1 milliún an méid a bhí dlite d'Éirinn.
- 10.32** I mí na Samhna 2020, d'eisigh an Coimisiún Eorpach cinneadh inar dearbhaíodh go raibh na coinníollacha maidir le híocaíocht réamhíocaíochta maoinithe comhlíonta ag Éirinn. Íocadh réamhíocaíocht €23.3 milliún (i.e. 25% den mhaoiniú a rabhthas ag súil leis) le hÉirinn i mí na Nollag 2020. Leagadh síos leis an gcinneadh go n-aisghabhfaidh an Coimisiún aon réamhíocaíochtaí a íocadh go míchuí, más gá.
- 10.33** I ndiaidh an méid iomlán maoinithe a shocrú i mí an Mhárta 2021, ba é €43.8 milliún, is é sin, 47% de €93.1 milliún, an méid maoinithe a ceadaiódh d'Éirinn, bunaithe ar mheastachán ar an gcaiteachas incháilithe iomlán de bheagnach €2 bhilliún. I mí na Nollag 2021, d'íoc an Coimisiún an t-iarmhéid maoinithe measta de €20.5 milliún le hÉirinn.
- 10.34** Fuarthas na híocaíochtaí ón Aontas faoi Vóta 38 Sláinte agus aithníodh iad mar leithreasáí i gcabhair don Vóta in 2020 agus 2021.
- 10.35** Lena gcuid éileamh a thabhairt chun críche, bhí ar na Ballstáit tuarascáil cur chun feidhme agus tuarascáil iniúchóireachta a chur isteach laistigh de 24 mí ón tráth a fuair siad an íocaíocht deiridh. I gcás na hÉireann, d'iarr an Roinn Sláinte síneadh ama chun na tuarascálacha a chur isteach, agus dheonaigh an Coimisiún Eorpach cúig mhí bhreise chun na ceanglais a chomhlíonadh, i.e. faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2024.
- 10.36** Meastar i ndrúacht-tuarascáil cur chun feidhme, a d'ullmhaigh an Roinn Sláinte i mí Aibreáin 2025, go raibh caiteachas incháilithe na hÉireann sna míonna ó Mhárta go Meitheamh 2020 beagán faoi bhun €1.6 billiún. Le hiniúchadh neamhspleách ar an drúacht-tuarascáil, laghdaíodh leibhéal an chaiteachais incháilithe deimhnithe go dtí beagán os cionn €1.5 billiún. Ba laghdú suntasach é sin ar leibhéal an chaiteachais incháilithe a bhí beartaithe. Tháinig laghdú comhréireach ar leibhéal na tacaíochta a raibh Éire ina teideal mar ar thoradh ar na laghduithe ar an gcaiteachas incháilithe in-fhíoraithe.

- 10.37** Ag deireadh an phróisis fíorúcháin, ba é €29.8 milliún luach iomlán éileamh na hÉireann ar mhaoiniú dlúthpháirtíochta. Ós rud é go bhfuair Éire €43.8 milliún ón gCoimisiún, tá suim €14 mhilliún le haisíoc anois ó Vóta 38 Sláinte. Aithnítear é sin mar sholáthar sa ráiteas ar an staid airgeadais don Vóta ag deireadh 2025.
- 10.38** Is cosúil go mbeidh fotheideal nua ag teastáil laistigh den Vóta Sláinte maidir le 2026 chun an aisíocaíocht leis an Aontas a dhéanamh.

Cás 2: aisíocaíocht leis an gCiste um Aistriú Cóir

- 10.39** Tá sé mar aidhm ag Ciste um Aistriú Cóir (CAC) an Aontais drochthionchar an aistrithe aeráide a mhaolú trí thacú leis na críocha agus na hoibrithe is mó atá buailte, agus aistriú socheacnamaíoch cothrom a chur chun cinn.¹¹
- 10.40** I mí na Nollaig 2022, d'fhaomh an Coimisiún Eorpach clár CAC an Aontais in Éirinn. Thosaigh cur chun feidhme an chlár le linn 2023.
- 10.41** Tá ráta cómhaoinithe 50% i bhfeidhm maidir le clár CAC an Aontais Eorpaigh in Éirinn, agus déantar leithdháileadh an Aontais a mheaitseáil le maoiniú comhionann ón Státchiste náisiúnta. Go ginearálta, is ón Státchiste a mhaoinítear caiteachas ar thionscadail ar an gcéad dul síos, agus faightear ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh ar ais ina dhiaidh sin. Foráiltear le rialacháin an Aontais, áfach, do réamh-mhaoiniú cistí áirithe, lena n-áirítear CAC. Asbhaintear maoiniú a íoctar roimh ré as luach na n-éileamh incháilithe ina dhiaidh sin a fhaightear ón mBallstát ábhartha.
- 10.42** Tá céatadán beag (0.5%) den réamh-mhaoiniú bliantúil iníoctha faoin CAC. Fuair Éire suim €844,667 i leith réamh-mhaoinithe maidir le 2021 agus 2022 i mí na Nollag 2022.
- 10.43** I mí na Bealtaine 2024, d'iarr an Coimisiún go n-aisíocfaí an réamh-mhaoiniú maidir le 2021 agus 2022 toisc nár dhearbhaigh an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil aon chaiteachas incháilithe lena bhféadfaí an réamh-íocaíocht a fhritháireamh ina choinne. Déantar foráil i rialacháin an Aontais, más féidir, maidir le suimeanna atá dlí ó Bhallstáit a fhritháireamh i gcoinne íocaíochtaí ina dhiaidh sin faoin gclár céanna. Ar an mbonn sin, fritháiríodh leath den aisíocaíocht a bhain le réamh-mhaoiniú 2021 agus 2022 i gcoinne an tráinse réamh-mhaoinithe a bhí le híoc le hÉirinn i ndáil le 2024.
- 10.44** Rinne an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil aisíocaíocht theicniúil de bheagán faoi bhun €433,000 (lena n-áirítear ús ar íocaíocht dhéanach dar luach €10,000) leis an Aontas i mí na Samhna 2024. Deonaíodh meastachán forlíontach do Vóta 29 agus b'éigean fotheideal nua (A.11) a bhunú chun an íocaíocht a éascú.
- 10.45** Níor tháinig aon chailleanas iomlán ar mhaoiniú CAC an Aontais a bhí ar fáil d'Éirinn de bharr an réamh-mhaoinithe a aisíocadh leis an Aontas Eorpach i ndáil le 2021 agus 2022.

¹¹ **Caibidil 18**, I Soláthar chlár an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, scrúdaítear leorgacht an chreata maoinithe agus déantar measúnú ar na méid atá baint amach go dtí seo.

Cás 3: úsáid as maoiniú cibearshlándála an Aontais

10.46 Úsáideann roinnt ranna/oifigí cuntais fionraí chun cistí an Aontais a bhainistiú agus a dháileadh. Cuntas sealadach is ea cuntas fionraí a osclaítear chun íocaíochtaí nó fáltas a thaifeadadh nach bhfuil ag teacht go cuí leis an gcuntas vóta, nó nach féidir a ghearradh ar an gcuntas vóta nó a chur chun sochar do an chuntais vóta faoi láthair. De réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí, níor cheart cuntais fionraí a oscailt ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus gur cheart réamhchead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí.¹²

10.47 Maidir le maoiniú ón Aontas, foráiltear leis na nósanna imeachta gur féidir cuntais fionraí a cheadú lena n-úsáid i gcás ina bhfuil freagracht ar roinn as clár oibríochtúil a bhainistiú. I gcásanna mar sin, is é an gnáthshocrú ná go gcuirtear cistí a fhaightear ón Aontas, ar an gcéad dul síos, i dtaisce i gcuntas fionraí a bhainistíonn an phríomhroinn lena mbaineann, agus go ndéantar iad a íoc amach ansin, de réir mar is cuí, leis na vótaí nó ar na comhlachtaí ábhartha a bhfuil baint acu le feidhmiú an chláir, de réir mar a dhéantar na gníomhaíochtaí.

10.48 Go dtí mí an Mheithimh 2025, bhí an fhreagracht as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn agus as an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a bhí ann roimhe seo. I ndiaidh feidhm a aistriú go foirmiúil, is brainse oibríochtúil de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce é an NCSC anois.

10.49 Tá maoiniú ceadaithe ag an Aontas Eorpach d'Éirinn tríd an gclár don Eoraip Dhigiteach i gcomhair trí thionscnamh cibearshlándála (féach Fíor 10.4). Déantar na tionscadail sin a chómhaoiniú, agus maitseálann ranníocaíocht an Aontais caiteachas an Stáitchiste ar bhonn 50:50. Baineann an maoiniú le

- forbairt agus cur chun feidhme an Lárionaid Náisiúnta um Chomhordú agus Forbairt na Cibearshlándála d'Éirinn (NCC-IE)
- córas idirnasctha de líonraí comhordaithe agus freagartha i réimse na cibearshlándála (an Croí-Líonra Cibearshlándála)
- tionscadal chun cumais deimhniúcháin a aontú agus a uasghrádú ar fud na hEorpa (TrustBoost).

10.50 Tá an maoiniú maidir leis na tionscadail á bhainistiú trí chuntais fionraí. Fuarthas cead chun cuntas fionraí a úsáid sna trí chás ar fad.

10.51 Chuir na Ranna atá freagrach as an maoiniú cibearshlándála a bhainistiú cineálacha éagsúla láimhseála cuntasíochta éagsúla i bhfeidhm ar na trí thionscadal.

- Sular aistríodh feidhmeanna i mí an Mheithimh 2025, rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a bhí ann roimhe seo an caiteachas ar gach tionscadal a chionroinnt idir an cuntas fionraí ábhartha agus Vóta 29.

¹² [Ciorclán 25/2008 Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí — Cuntais Fionraí agus Seirbhísí Gníomhaireachta](#), An Roinn Airgeadais, Samhain 2008

- Ó mhí na Samhna 2025 i leith, tá gach caiteachas a bhaineann leis na trí thionscadal gearrtha ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ar Vóta 24, agus níor gearradh aon mhuirear ar na cuntais fionraí ghaolmhara.¹³ Dúirt an Roinn, nuair a bheidh gach tionscadal críochnaithe agus nuair a bheidh gach ceanglas iniúchóireachta comhlíonta, go n-aistreofar an méid iomchuí de mhaoiniú an Aontais ón gcuntas fionraí chuig an Vóta mar leithreasáí i gcabhair.

Fíor 10.4 Maoiniú cibearshlándála an AE

	NCC-IE	Croí-Líonra Cibearshlándála	TrustBoost	Iomlán
Tréimhse an tionscadail	2 Deireadh Fómhair 2023 – 1 Eanáir 2026	1 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2026	1 Meán Fómhair 2024 – 31 Lúnasa 2027	
Ceadú cuntais fionraí	5 Nollaig 2023 – 31 Iúil 2027	5 Márta 2024 – 31 Iúil 2027	1 Meán Fómhair 2024 – 31 Nollag 2027	
	€000	€000	€000	€000
Iomlán na gcostas incháilithe	4,200	3,600	400	8,200
Uasmhéid an deontais AE	2,000	1,800	200	4,000
Maoiniú AE a fuarthas (go dtí deireadh 2025)	1,800	1,421	158	3,379
Iarmhéid an chuntais fionraí ar an 31/12/2024	1,482	1,394	158	3,034
Iarmhéid an chuntais fionraí ar an 31/12/2025 ^a	1,682	1,325	158	3,166

Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce
Nóta: a D'fhéadfadh sé nach suimítear méideanna de bharr slánaithe.

10.52 Cuireadh tús leis an tionscadal chun an tIonad Náisiúnta um Chomhordú agus Forbairt na Cibearshlándála d'Éirinn, ar a dtugtar NCC-IE, a fhorbairt i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus bhí sé measta ar dtús go gcríochnófaí é faoin 1 Deireadh Fómhair 2025. Le toiliú an Choimisiúin Eorpaigh, cuireadh síneadh le tréimhse an tionscadail go dtí an 1 Eanáir 2026. Fuarthas réamh-mhaoiniú de 80%, i.e. €1.6 mhilliún, ón Aontas Eorpach in 2023 agus fuarthas 10% eile (€200,000) le linn 2025. Cuimsíodh sa chaiteachas carnach de €118,000 ón gcuntas fionraí go dtí deireadh 2025, caiteachas ar fháilteachas na hairéine, ar bhainistíocht imeachtaí, ar earraí cur chun cinn agus ar chostais taistil. Dúirt an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, nuair a bheidh an tionscadal curtha i gcrích agus méid ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh comhaontaithe, go n-aisíocfar aon bharrachas maoinithe a fuarthas leis an gCoimisiún Eorpach.

13 Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna airgeadais agus iarmhéideanna na gcuntas fionraí i bhfeidhm i mí na Samhna 2025.

10.53 In 2023, fuarthas beagán os cionn €1.4 milliún de réamh-mhaoiniú i dtaca le tionscadal an Chroí-Líonra Cibearshlándála. Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí ceadú i mí an Mhárta 2024 chun cuntas fionraí a chruthú. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis na coinníollacha a bhain leis an gceadú (cosúil leis na ceaduithe a bhain leis an dá thionscadal eile)

- go bhfeidhmeofaí an cuntas i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cuntais fionraí mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta airgeadais phoiblí.
- go ndéanfaí monatóireacht rialta ar an gcuntas agus nach mbeadh gá leis ach fad is a bheadh an tionscadal ar siúl.
- go rachadh sé in éag an 31 Iúil 2027 (bheadh cead breise ag teastáil le haghaidh aon síneadh)
- go gcoinneofaí an gá leis an gcuntas faoi athbhreithniú agus go mbeadh rialuithe i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chuntais
- go nochtfaí an t-iarhmhéid ar an gcuntas ag deireadh gach bliana mar nóta sna cuntais leithghabhála.

10.54 Go dtí deireadh 2025, gearradh caiteachas dar luach €96,000 ar an gcuntas fionraí i ndáil le tionscadal an Chroí-Líonra Cibearshlándála. Níor gearradh aon chaiteachas ar an gcuntas fionraí in 2026. Cé go bhfuil an tionscadal le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2026, níor gearradh ach cion beag den chaiteachas beartaithe ar an gcuntas fionraí go dtí seo.

10.55 Fuair maoiniú ón Aontas dar luach €158,000 i gcomhair an tionscadail TrustBoost in 2024. Tá an tionscadal sin chun an cibearshlándáil, athléimneacht agus comhlíonadh a chur chun cinn ar fud an Aontais á chur ag aghaidh ag an NCSC i gcomhpháirtíocht le deich rannpháirtí eile. Níor gearradh aon chaiteachas ar an gcuntas fionraí in 2025.

Cás 4: maoiniú nár úsáideadh ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

10.56 I mí an Mheithimh 2020, thug an tAontas deontas €13.5 milliún d'Éirinn ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag teacht isteach sa Stát agus a raibh cosaint idirnáisiúnta á lorg acu, ach nach bhféadfaí bhfreastal orthu laistigh den phunann cóiríochta a bhí ann cheana.¹⁴ Cuireadh cóiríocht ar fáil do na hiarrthóirí tearmainn i seomraí ar cíós in óstáin agus i dtithe aíochta i ndiaidh glao ar léirithe spéise.

10.57 Nuair a fuarthas na cistí, rinneadh iad a thaisceadh agus a choinneáil i gcuntas fionraí.

10.58 Rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) scrúdú ar an nós imeachta soláthair a cuireadh i bhfeidhm i gcás na n-óstán agus na dtithe aíochta a úsáideadh chun an chóiríocht a sholáthar.¹⁵ Mar gheall ar an easpa doiciméid tacaíochta a bhí ar fáil, ní raibh an ECA ábalta a fhíorú an raibh an soláthar eagraithe i gceart.

10.59 I measc thorthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa bhí:

- caitheadh go míchothrom leis na tairgeoirí; m.sh. diúltaíodh tairiscint amháin toisc nach raibh go leor seomraí ar fáil san óstán, ach glacadh le tairiscintí ó óstáin eile a raibh acmhainn níos lú acu

¹⁴ Tá sé mar aidhm ag an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht acmhainní náisiúnta a neartú agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht imirce a fheabhsú, chomh maith le dlúthpháirtíocht agus comhroinnt freagrachta idir na Ballstáit a threisiú, trí chúnamh éigeandála agus tríd an sásra athlonnaithe.

¹⁵ [Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021](#) (féach Ich 215), Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.


- níor shínigh an dá pháirtí cuid de na conarthaí le hóstáin agus níor chlúdaigh na conarthaí an tréimhse a bhain leis na sonraisc a scrúdaíodh le linn an iniúchta
- ní dhearnadh aon mhonatóireacht chuí ar úsáid na cóiríochta éigeandála ná níor soláthraíodh aon fhianaise shásúil go raibh na cónaitheoirí ina n-iarrthóirí tearmainn i ndáiríre.

10.60 Baineadh an tátal as i dtuarascáil Chúirt Iniúcháirí na hEorpa go raibh an caiteachas dearbhaithe ar fad neamh-incháilithe i gcomhair maoiniú ón Aontas. Dearbhaíodh torthaí na hiniúcháireachta i dtuarascáil iniúcháireachta ex-post a chuir an Coimisiún Eorpach i gcrích i mí Eanáir 2026, inar éilíodh go dtabharfaí na cistí as ais. Aisiócadh an €13.5 milliún leis an Aontas i mí Aibreáin 2026.

10.61 Coinníonn an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce cistí eile freisin a fhaigheann an Stát ón Aontas faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht sa chuntas fionraí céanna. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gCiste a thaifeadadh faoi fhotheideal C.4 de Vóta 24 Ceartas. Aistrítear maoiniú ón Aontas ón gcuntas fionraí chuig an Vóta, mar leithreasai i gcabhair, nuair a mheastar go bhfuil an incháilitheacht cinnte.

10.62 Agus an €13.5 milliún a bhí faoi réir iniúchadh Chúirt Iniúcháirí na hEorpa san áireamh, b'ionann an t-iarmhéid iomlán sa chuntas fionraí ag deireadh 2025 agus €51.8 milliún. (féach Fíor 10.5). Ba ionann é sin agus méadú €17 milliún ar an iarmhéid ag deireadh 2024.

Fíor 10.5 Iarmhéideanna deireadh bliana chuntas fionraí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, 2019 go 2025



Foinse: An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce

- Nótaí:
- a Cuimsítear ann maoiniú do thionscadal CAPS-EU, a bhfuil sé mar aidhm leis acmhainn a fhorbairt chun clár urraíochta pobail do dhéanaithe a dhearadh, a chur chun feidhme, a choinneáil ar bun agus a mhéadú.
 - b Aithníodh os cionn €22.2 milliún de mhaoiniú faoin gclár Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014-2020 mar leithreasai i gcabhair idir 2020 agus 2024.

16 Féach Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2022, caibidil 2, [Idirbhearta idir an tAontas agus Éire a thuairisciú](#).


17 [Tuarascáil Bhliantúil ar Idirbhearta na hÉireann leis an Aontas Eorpach 2024](#).

Tuairisciú ar idirbhearta AE

- 10.63** Ag tús 2020, thosaigh Roinn Airgeadais ag foilsiú tuarascáil bhliantúil, ina dtugtar dearcadh comhdhlúite ar na hidirbhearta idir Éire agus an tAontas.
- 10.64** In 2023, d'aontaigh an Roinn Airgeadais go gcuirfeadh sí feabhas ar thráthúlacht a cuid tuarascálacha bliantúla ar idirbhearta an Aontais.¹⁶ Gheall sí go ndéanfaidh sí gach tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú laistigh de 18 mí ó dheireadh na bliana tuairiscithe. Níor baineadh amach na spriocanna foilsitheoireachta sonraithe in aon bhliain go dtí seo (féach Fíor 10.6).
- 10.65** Foilsíodh an tuarascáil do 2024 ag deireadh mhí Lúnasa 2026.¹⁷ Dúirt an Roinn Airgeadais go bhfuil srianta éagsúla ann fós a fhágann gur dúshlán é na tuarascálacha bliantúla ar idirbhearta an Aontais a fhoilsiú laistigh de 18 mí. Go sonrach, dúirt sí go bhfuil na tuarascálacha bunaithe ar shonraí náisiúnta agus ar shonraí de chuid an Aontais Eorpaigh araon agus go nglacann sé tamall maith sula mbeidh siad ar fáil agus ansin go gcaithfear iad a bhailiú, a sheiceáil agus a anailísiú. In ainneoin na ndúshlán, tá an Roinn tiomanta dá sprioc maidir leis an spriocdháta foilsithe 18 mí a bhaint amach sna blianta atá amach romhainn.

Fíor 10.6 Aga moille maidir le foilsíú na tuarascála ar idirbhearta an Aontais Eorpaigh

An bhliain tuairiscithe



Foinse: An Roinn Airgeadais

Tátail

10.66 Is glan-ranníocóir í Éire maidir le hairgead an Aontais, ach faigheann sí maoiniú suntasach ón Aontas gach bliain fós. Faightear an maoiniú sin ar bhealaí éagsúla: Is féidir cistí ón Aontais a íoc isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste, a sheoltar trí ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí eile, nó a íoctar go díreach le tairbhíthe. Mar gheall ar chastacht na sreafaí cistí, bíonn sé deacair iad a thuiscint agus éilítear cuntasacht agus tuairisciú soiléir maidir leo ionas gur féidir leis na cáiníocóirí na hidirbhearta a thuiscint.

Riachtanais chuntasaíochta maidir le maoiniú ón Aontas

10.67 Nocht 18 roinn nó oifig rialtais ar an iomlán leibhéal éigin maoinithe ón Aontas ina gcuntais leithghabhála 2025. Fuarthas sa scrúdú sin gur bhain teorainneacha leis an bhfaisnéis faoi mhaoiniú ón Aontas a cuireadh i láthair i mbeagnach gach ceann de na cuntais. Mar shampla, níor nochtadh sna cuntais go ginearálta an méid iomlán a leithdháileadh ar an Stát i ndáil leis an maoiniú ón Aontas, ná an cion den iomlán sin a bhí tarraingthe anuas go dtí sin.

10.68 Aithníodh na cuntais leithdháilte a chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i láthair mar shampla de dhea-chleachtas. Áirítear le gnéithe suntasacha de thuairisciú na Roinne go ndéanfar maoiniú ón AE a mhiondealú de réir cláir, go soláthrófar sonraí maidir le réamh-mhaoiniú agus íocaíochtaí idirmheánacha, agus go gcuirfear eolas san áireamh faoi mhaoiniú díreach ón Aontas do chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

10.69 Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí freagrach as na ceanglais chuntasaíochta maidir le cuntais leithghabhála a leagan síos. Tá na ceanglais maidir le nochtadh i ndáil le maoiniú ón Aontas bunúsach. Go sonrach, níl aon cheanglas ann go nochtfaí an méid iomlán a leithdháiltear ar an Stát maidir le gach ciste, ná an cion a tarraingíodh anuas go dtí seo, ná an tionchar a bhíonn ag aon cheartúcháin airgeadais nó fineálacha a gearradh le linn na tréimhse. In éagmais an chineáil sin faisnéise, bíonn sé deacair d'úsáideoirí na gcuntas feidhmíocht roinne/oifige maidir le bainistíocht mhaoiniú ón Aontas Eorpach a mheas.

10.70 Measann an Roinn Caiteachais Phoiblí gurb é an cuntas leithghabhála bliantúil an modh is oiriúnaí chun tuairisciú a dhéanamh an méid a bhaineann go díreach le vóta ar leith, amhail ceartúcháin airgeadais nó fineálacha a eascraíonn as caiteachas a ghearrtar ar an vóta sin.

10.71 Tá seasamh na Roinne Caiteachais Phoiblí bunaithe ar an méid seo a leanas.

- Tuairiscítear faisnéis faoi mhaoiniú ón Aontas trí réimse cuimsitheach cuntas clárshonrach, creataí tuairiscithe an Aontais, ráitis airgeadais bhliantúla na gcomhlachtaí tairbhíocha agus socruithe bunaithe iniúchóireachta. Leis na sásraí sin, soláthraítear eolas mion maidir le leithdháileadh, tarraingt anuas agus úsáid an mhaoinithe ón Aontais ar fud an Stáit, agus tacaíonn siad le cuntasacht láidir ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon.
- Tá cuspóir ar leith ag gabháil leis na cuntais leithghabhála laistigh de chreat cuntasachta an Stáit. Is iad an príomhshásra trína dtugann oifigigh chuntasaíochta cuntas do Dháil Éireann maidir le caiteachas atá údaraithe ag an Oireachtas agus eisithe ón bPríomh-Chiste. Tuairiscítear sna cuntais caiteachas a thabhaítear faoi vótaí aonair mar aon leis na sócmhainní agus na dlíteanais ghaolmhara, agus dá bhrí sin tá siad ag teacht go dlúth le cúrsaí atá faoi fhreagracht dhíreach an oifigigh chuntasaíochta lena mbaineann.
- Sonraíonn an Roinn gurb iad údaráis iniúchóireachta ábhartha an Aontais atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chistí an Aontais agus go bhfuil réimse institiúidí, clár agus tairbhíthe náisiúnta agus Eorpacha páirteach i socruithe maoinithe an Aontais. Dá bhrí sin, rachadh rannpháirtíocht leanúnach leis na húdaráis agus na comhlachtaí iniúchóireachta ábhartha chun tairbhe anailís agus foilsiú staitisticí i ndáil le tarraingt anuas cistí ón Aontais ag Éirinn d'fhonn tacú le comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus iontaofacht na tuairiscithe.
- Tá sé ina ghné lárnach den chuntasacht pharlaiminteach cuntais leithghabhála iniúchta a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais in am trátha. Le blianta beaga anuas, tá sé molta ag an Roinn go gcríochnófaí an próiseas cuntas níos luaithe trí chiorclán bliantúil na gcuntas leithghabhála, rud a léiríonn gur féidir dul chun cinn i dtreo tuairisciú airgeadais a dhéantar in am trátha a bhaint amach. Cuidíonn fócas leanúnach ar phríomhchuspóir na gcuntas leithghabhála lena n-ullmhú, lena n-iniúchadh agus lena gcur i láthair go héifeachtúil agus neartaíonn sé grinnscrúdú na parlaiminte ar chaiteachas poiblí.

- Measann an Roinn go soláthraítear leis an gcur chuige sin línte soiléire cuntasachta, go dtacaíonn sé le tuairisciú tráthúil don Oireachtas, agus go gcomhlánaíonn sé na socruithe fairsinge tuairiscithe agus dearbhaithe a bhaineann go sonrach le clár agus atá ann cheana féin i gcomhair caiteachas a mhaoiníonn an tAontas Eorpach.

Ceisteanna a tháinig chun cinn le linn iniúchadh airgeadais

10.72 Is féidir le huainiú na réamhíocaíochtaí, na rialacha maoinithe, an dóigh a dtugtar chuntas ar mhaoiniú an Aontais, agus tionchar na gceartúchán airgeadais agus fineálacha dúshláin shuntasacha bhainistíochta a chruthú don lucht bainistíochta na n-idirbheart agus maidir le tuairisciú ar na hidirbhearta.

10.73 Tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn maidir le cur i láthair an mhaoinithe ón Aontas i gcuntais leithghabhála le linn iniúchtaí le déanaí.

- Tá an Roinn Sláinte ag súil le suim €14 mhilliún a aisíoc leis an Aontas i leith maoiniú breise a fuair sí ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh in 2021. D'fhéadfadh go mbeadh gá le fotheideal nua chun an aisíocaíocht a éascú.
- Tá maoiniú suntasach ón Aontas (timpeall €3 mhilliún faoi dheireadh 2025) á choinneáil ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i gcuntas fionraí i ndáil le trí thionscadal cibearshlándála. Áirítear leis sin iarmhéid de bheagnach €1.7 milliún i ndáil le tionscadal amháin a bhí le críochnú faoi dheireadh 2025.
- Baineadh an tátal as i dtuarascáil ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2021 go raibh an caiteachas a thacaigh le híocaíocht €13.5 milliún a fuair Éire ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtiú, neamh-incháilithe. Aisíocadh an maoiniú sin leis an Aontas i mí Aibreáin 2026.